An tSraith Shóisearach

# AN AMHARC-EALAÍN



An Bhithéagsúlacht
An tAthrú Aeráide
Tomhaltachas
Tuaradh Coiréil
Cultúr
An Dífhoraoisiú
Saoránacht Dhomhanda
Cearta an Duine
An Comhionannas
Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha
An Bhochtaineacht
Ceartas Sóisialta
Forbairt Inbhuanaithe
Fadhbanna agus Réitigh Phraiticiúla

AG GABHÁIL DON OIDEACHAS

## SAORÁNACHTA DOMHANDA

www.worldwiseschools.ie

MEONTA
A ATHRÚ
SCILEANNA
A FHORBAIRT
CUR LEIS
AN EOLAS

## Cad atá i gceist leis an Oideachas Saoránachta Domhanda?

Is próiseas oideachasúil é an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) lena bhféachtar le cur le feasacht agus tuiscint an phobail ar an domhan seo againne, domhan atá ag athrú go tréan agus atá idirspleách agus éagothrom. Tríd an OSD, déantar iarracht daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh mar shaoránaigh san anailís, sa mhachnamh agus sa ghníomhaíocht ina gceantair féin agus ar an leibhéal domhanda. Is éard atá i gceist leis an OSD ná tacú le daoine chun teacht ar thuiscint ar na struchtúir shóisialta, chultúrtha, pholaitiúla agus eacnamaíocha a bhaineann lena saol ar an leibhéal idirnáisiúnta, an leibhéal pearsanta, leibhéal an phobail, agus an leibhéal náisiúnta, agus dul i mbun gníomhaíochta chun na struchtúir sin a athrú ó bhonn.

Príomhghnéithe den Oideachas Saoránachta Domhanda:


- Modhanna atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus ar an rannpháirteachas
- Eolas faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an domhan
- Scileanna maidir le smaointeoireacht chriticiúil, machnamh, réiteach fadhbanna, anailís, obair foirne
- Luachanna agus meonta na dlúthpháirtíochta, an mheasa agus an chumhachtaithe
- Athrú a spreagadh ionas go mbeidh an domhan níos córa agus níos cothroime

*"Leis an Oideachas Saoránachta Domhanda, tugtar an chumhacht do scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar cheisteanna domhanda agus chun saothair ealaíne fhiúntacha a bhunú ar na ceisteanna sin."*

- Orla McGuiness, Coláiste Earagail, Dún na nGall

# AIDHM NA HACMHAINNE SEO

Is é is aidhm don acmhainn seo tacú le múinteoirí Amharc-Ealaíne agus béim á cur acu ar ghné an cheartais dhomhanda sa teagasc (cur chuige a mbaineann buntáistí móra oideachasúla leis), rud a chomhlíonann na riachtanais atá leagtha amach sa tsonraíocht don Amharc-Ealaín sa tsraith shóisearach, agus sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015). Tá sé seo ar cheann de shraith acmhainní de chuid Scoileanna Domhanda WorldWise a thacaíonn le múinteoirí i réimsí éagsúla ábhar agus iad ag tabhairt aghaidh ar théamaí agus coincheapa a bhaineann leis an Oideachas Saoránachta Domhanda. Leis an tsraith acmhainní *Ag gabháil don OSD*, cuirtear ar a gcumas do mhúinteoirí iarraidh ar na scoláirí breathnú ar an domhan seo againne, agus ar an ról atá againn féin chun é a dhéanamh níos córa, níos cothroime agus níos inbhuanaithe.



# AN TOIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA (OSD) AGUS AMHARC-EALAÍN NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Sa réasúnaíocht a bhaineann leis an Amharc-Ealaín sa tSraith Shóisearach, aithnítear an tábhacht a bhaineann leis an ábhar sin maidir le 'smaointeoireacht iltreóch' agus 'meas ar obair agus ar thuairimí daoine eile' a chur chun cinn. Aithnítear sa réasúnaíocht freisin go bhfuil cultúr ár linne 'an-fhísiúil' agus sonraítear inti gur 'riachtanas ríthábhachtach den tsaoránacht ghníomhach is ea litearthacht amhairc' ós rud é go gcuireann sí le 'cumas an duine óig le teachtaireachtaí amhairc a léirmhíniú agus a dhíchódú agus critíc a dhéanamh orthu' (ROS, Sonraíocht Amharc-Ealaíne na Sraithe Sóisearaí, leathanach 5).

Tá sé ina aidhm lárnach ag an OSD agus ag an Amharc-Ealaín araon a chur ar a gcumas do na scoláirí dul i ngleic leis an domhan thart timpeall orthu agus ‘cumais bharántúla an tsaoil seo i réiteach fadhbanna' a fhorbairt (ROS, Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí, leathanach 6).

**RÁITIS FOGHLAMA**
Cuidíonn an OSD le baint amach na sé Ráiteas Foghlama a luaitear i sonraíocht Amharc-Ealaíne na sraithe sóisearaí, ach is leis na ráitis seo a leanas is mó a bhaineann sé:

**Ráiteas Foghlama 3:**
Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheas agus a léirmhíniú go criticiúil.

**Ráiteas Foghlama 8:**
Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú.

**Ráiteas Foghlama 23**
Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú.

**Ní gá foghlaim bhreise a chur leis an Amharc-Ealaín chun bheith ag gabháil don OSD.**

**PRÍOMHSCILEANNA**

The 8 Key Skills outlined in the Junior Cycle Is mór an chosúlacht atá idir na 8 bPríomhscil atá leagtha amach sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015) agus na scileanna a chothaítear le cur chuige an OSD. Dá bhrí sin, cuidíonn an OSD leis na scileanna lárnacha a bhfuil cur síos orthu i sonraíocht Amharc-Ealaíne na Sraithe Sóisearaí.


[1] In Amharc-Ealaín na sraithe sóisearaí, clúdaíonn an sainmhíniú ar théacsanna gach táirge ealaíne, ceardaíochta, nó dearaidh, chomh maith le hábhar ó bhéal, téacsanna scríofa, fuaim, ceol, ábhar tadhlach, ábhar leictreonach agus ábhar digiteach.

# **Príomhscileanna** na Sraithe Sóisearaí

- Mo thuiscint ar fhocail agus ar theanga agus an taitneamh a bhainim astu a fhorbairt
- Léamh ar son aoibhnis agus le tuiscint chriticiúil
- Scríobh i gcomhair cuspóirí difriúla
- Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas
- Mo theanga labhartha a fhorbairt
- Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha

- Aithne orm féin
- Cinntí ciallmhara a dhéanamh
- Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach
- A bheith in ann athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus mo chuid foghlama a bhainistiú

- Éisteacht agus mé féin a chur in iúl
- Taibhiú agus cur i láthair
- Plé agus díospóireacht
- Teanga a úsáid
- Uimhreacha a úsáid
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh




- A bheith folláin, fisiciúil agus gníomhach
- A bheith sóisialta
- A bheith slán
- A bheith spioradálta
- A bheith muiníneach
- A bheith dearfach faoin bhfoghlaim
- A bheith freagrach, slán agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid

- An dea-chaidreamh a fhorbairt agus plé le coimhlint
- Ag comhoibriú
- Meas a bheith agam
- Ag cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den domhan
- Foghlaim le daoine eile
- Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach

- A bheith fiosrach
- Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mheas
- Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil
- Athmhachnamh agus meastóireacht ar mo chuid foghlama
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt

- Ag samhlú
- Roghanna a fhiosrú
- Smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú
- Ag foghlaim go cruthaitheach
- An chruthaitheacht a spreagadh ag baint úsáide as teicneolaíocht dhigiteach

- Smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil
- Meastachán, tuar agus ríomh a dhéanamh
- Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchta, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna
- Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil
- Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun scileanna agus tuiscint uimhearthachta a fhorbairt


An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

www.juniorcycle.ie



Fíor 1: Ocht bpríomhscil don tsraith shóisearach agus gnéithe príomhscile a ghabhann leo

# TORTHAÍ FOGHLAMA AGUS MEASÚNÚ

San acmhainn seo, tugtar tacaíocht do mhúinteoirí ionas gur féidir leo deiseanna a thapú chun saibhreas eispéireas foghlama agus torthaí ar leibhéil éagsúla a chothú do na scoláirí, tacú le tascanna a bhaineann le measúnú suimitheach agus measúnú leanúnach, idir fhéinmheasúnú agus phiarmheasúnú, agus aiseolas a thabhairt d'fhoghlaimeoirí aonair.

Ar mhaithe lena thaispeáint conas is féidir an OSD a chur san áireamh in Amharc-Ealaín na sraithe sóisearaí, léirítear san acmhainn seo an chaoi a dtacaíonn an OSD le teagasc, foghlaim agus measúnú ar fud na réimsí seo a leanas:

- **Trí shnáithe**
  Snáithe a hAon: Ealaín; Snáithe a Dó: Ceardaíocht; agus Snáithe a Trí: Dearadh
- **Cúig ghné chomhtháite a bhaineann le snáitheanna éagsúla**
  Teanga chriticiúil agus amhairc; Líníocht; Cultúr agus léirthuiscint amhairc; Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha; agus Na Meáin




Fíor 2

Na gníomhaíochtaí atá leagtha amach san acmhainn seo, ceapadh iad chun tacú le torthaí foghlama na hAmharc-Ealaíne a bhaint amach trí scoláirí a spreagadh chun bheith ag plé le:

1. Fadhbanna praiticiúla
2. Saothair ealaíne agus téacsanna spreagúla

**Tacú leis an ngnóthachtáil maidir le torthaí foghlama**




Fíor 3

## Measúnú Rangbhunaithe 1

Chun measúnú rangbhunaithe a dhéanamh ar scoláire aonair nó grúpa scoláirí sa dara bliain faoin téama 'Ó phróiseas go cur i gcrích', is féidir le múinteoirí tacú leis na scoláirí chun dul i ngleic leis an gcás a roghnaigh siad féin (ón liosta a d'ullmhaigh an CNCM) trí mheán an OSD.
Mar shampla, d'fhéadfadh na scoláirí:

- A bheith ag obair ar thionscadal ealaíne sa phobal agus iad ag díriú ar rud éigin atá ag tarlú ar domhan faoi láthair, ar fhadhbanna a bhaineann leis an gceartas sóisialta agus/nó cearta an duine nó ar dhúshláin a bhfuil spéis acu féin iontu
- Breathnú ar ghné dá dtimpeallacht, ar tháirge nó ar fhoirgneamh, anailís a dhéanamh ar an rud sin agus é a dhearadh as an nua agus prionsabail an dearaidh inbhuanaithe nó an dearaidh athghiniúnaigh á gcur i bhfeidhm acu
- Breathnú ar spás éigin sa timpeallacht thógtha nó sa timpeallacht nádúrtha, anailís a dhéanamh air agus é a fheabhsú mar bhealach le cur le comhtháthú nó folláine an phobail



- Teagmháil a dhéanamh le healaíontóir, ceardaí, dearthóir nó ailtire a dtugtar freagra dearfach ina shaothar nó ina saothar ar fhadhbanna atá againn ar domhan
- Spreagadh a fháil ó fhoinse phríomha, déantúsán mar shampla, a thagann ón Domhan Theas nó a dhéanann ionadaíocht ar an Domhan Theas (mar shampla: rudaí a rinneadh sa Domhan Theas nó a bhfuil amhábhair iontu a fuarthas ansin – bia agus/nó cumhdach bia, teicstílí, táirge teicneolaíochta nó leighis; nó rudaí a léiríonn gnéithe de thíreolaíocht, stair, reiligiúin nó teangacha na dtíortha sa Domhan Theas – cártaí poist, léarscáileanna, uirlisí ceoil, cultacha nó bratacha náisiúnta)
- Freagra a thabhairt ar shaothar litríochta, cosúil le dán, liricí amhráin, scéal nó finscéal, a scríobh duine ón Domhan Theas nó ina bpléitear ceisteanna a bhaineann leis an OSD



Sa liosta cásanna samplacha atá i sonraíocht Amharc-Ealaíne na sraithe sóisearaí (leathanach 28), luaitear gur féidir leis na scoláirí a gcás féin a cheapadh. Ó thaobh an OSD de, fágann sé sin gur féidir le múinteoirí tacaíocht a thabhairt do na scoláirí chun an measúnú rangbhunaithe 'Ó phróiseas go cur i gcrích' a bhunú ar cheann amháin nó níos mó de Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe (mínítear na Spriocanna Domhanda ar leathanach 7 faoin teideal *Leagan Amach na hAcmhainne*).

# LEAGAN AMACH NA HACMHAINNE

San acmhainn seo, cuirtear i láthair na trí shnáithe Amharc-Ealaíne i rannáin éagsúla, agus iad bunaithe ar an teimpléad céanna: tosaítear le fadhb atá againn ar domhan; ina dhiaidh sin faightear spreagadh ó shaothar ealaíne nó ó théacs; luaitear eolas cúlra a bhaineann leis an téama atá i gceist agus luaitear smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí sa seomra ranga nó lasmuigh de.

Na gníomhaíochtaí atá leagtha amach do Shnáithe a hAon (Ealaín) agus Snáithe a Dó (Ceardaíocht), tá baint acu lena chéile ach is féidir iad a mhúineadh astu féin freisin. Na gníomhaíochtaí atá leagtha amach i Snáithe a Trí (Dearadh), is sraith céimeanna iad chun tacú leis na scoláirí (ag obair ina n-aonar nó i ngrúpaí) freagra a thabhairt ar an treoir dhearaidh a tugadh dóibh. Chun cuidiú le scoláirí a d'fhéadfadh a bheith ag déanamh Measúnú Rangbhunaithe, tá sraith critéar ratha ag gabháil leis an treoir dhearaidh sin. I ngach rannán, déantar nasc idir na gníomhaíochtaí agus na torthaí foghlama ábhartha ón snáithe atá i gceist, ach mar gheall ar an bhfoghlaim chomhtháite is dual a dhéanamh san Amharc-Ealaín, d'fhéadfadh sé go dtacódh na gníomhaíochtaí céanna sin le torthaí foghlama breise ó shnáithe eile.

Tá ceannteideal 'Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda' i ngach rannán, ina ndéantar tagairt do cheann amháin nó níos mó de Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe, a bhaineann leis an bhfadhb phraiticiúil, leis an ábhar spreagtha agus leis an eolas cúlra a thugtar i ngach cás. Is sraith uilíoch spriocanna, cuspóirí agus táscairí iad sin, a bhfuiltear ag súil go mbainfidh ballstáit na Náisiún Aontaithe, Éire san áireamh, leas astu mar chreat dá gcláir oibre agus dá mbeartais go dtí 2030. Sa ról atá agaibhse mar mhúinteoirí Amharc-Ealaíne, bainfidh sibh an-tairbhe as na Spriocanna Domhanda ó thaobh féachaint chuige go 'spreagann eispéireas an churaclaim, an mheasúnaithe, an teagaisc agus na foghlama an rannpháirtíocht, gineann sé caidreamh agus díograis, agus ceanglaíonn sé leis an saol lasmuigh den scoil' (ROS, 2015, Creat don tSraith Shóisearach, leathanach 13).



## FADHB PHRAITICIÚIL: AN DIFHORAOISIÚ

### Spreagadh

Alice Maher (c). *Limb*. 2003. Prionta Lamba.
www.alicemaher.com



Is amharc-ealaíontóir í Alice Maher (1965– ) a úsáideann réimse leathan ábhar ón dúlra, cosúil le neantóga, beacha, dealga agus adhmad, ina cuid oibre. Sa phictiúr Limb, feicimid Maher ag féachaint go fiosrach ar a lámh chlé agus an lámh sin ag athrú ina géag iúir atá dubh le duilleoga.

D'fhéadfaí an íomhá seo a úsáid chun plé a spreagadh faoin mbaint a bhíonn ag na daoine agus an comhshaol le chéile, faoin gcaoi a mbíonn siad ag brath ar a chéile agus faoin gcaoi a mbíonn an gaol eatarthu ag athrú. D'fhéadfaí a thuiscint ón bpictiúr seo freisin go léirítear ann an fhís a bhíodh ag daoine sa naoú céad déag d'Éirinn mar bhean, ar a dtugtaí Hibernia go minic. Ag an am sin, ba choilíneacht í Éire a bhí faoi riail ag Impireacht na Breataine. Léiríodh Éire mar thír a bhí faoi úinéireacht, faoi chosaint agus faoi chois. Ceistíonn Limb na tuairimí a bhíodh ag daoine faoi ról na mban agus cuireann sé i gcoinne na tuairime gur gné den dúlra féin iad na mná agus go mbíonn siad faoi chois ag an tsochaí. Ba shiombail den Bhás é an crann iúir freisin san am atá caite, agus anseo spreagann an t-ealaíontóir muid chun ceisteanna a chur, ní hamháin faoin mbás atá i ndán dúinn féin, ach faoin mbás a d'fhéadfadh a bheith i ndán don domhan, agus faoi cé acu an mbeidh nó nach mbeidh an dúlra in ann teacht slán as an leibhéal gníomhaíochta a bhíonn ar bun ag na daoine anois.

Bhí *Limb* le feiceáil sa taispeántas Becoming de shaothar Alice Maher in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann in 2012–2013.

## Eolas Cúlra

Crann dúchasach de chuid na hÉireann is ea an crann iúir. Is buaircín síorghlas é, a mbíonn duilleoga dorcha agus caora dearga air. Tá fianaise againn, ó dhúlamán agus ó phailin a fuarthas in iontaisí, go mbíodh an crann iúir i bhfad ní b'fhairsinge in Éirinn tráth. Meastar gur leagadh na crainn iúir mar gheall go mbíonn nimh sna duilleoga a mharaíonn ainmhithe feirme. Sa lá atá inniu ann, is chun rudaí ornáideacha a dhéanamh is mó a úsáidtear crainn iúir, agus bíonn an t-adhmad uathu le feiceáil i reiligí agus ar eastáit.

Thart timpeall is 30% de dhromchla an domhain atá faoi fhoraoisí, ach measann na Náisiúin Aontaithe gur leagadh foraoisí a chlúdódh píosa talún chomh mór leis an Afraic Theas ón mbliain 1990 i leith. Má leantar den dífhoraoisiú ar an luas sin, d'fhéadfadh foraoisí báistí an domhain a bheith imithe faoi cheann céad bliain.

Is í an talmhaíocht is mó is cúis leis an dífhoraoisiú. Gearrtar anuas na foraoisí chun an talamh a fhágáil lom sa chaoi is gur féidir barra a chur nó talamh féarach a ullmhú don bheostoc. Is minic a ghlanann feirmeoirí beaga cúpla acra anseo is ansiúd trí na crainn a ghearradh anuas agus na stumpaí a bhíonn fágtha a dhó. Déanann sé sin an-dochar don ithir agus ní chun leasa na bhfeirmeoirí é. Mar gheall ar an éileamh mór atá ag muintir an domhain ar adhmad agus ar pháipéar, bíonn oibríochtaí lománaíochta (crainn a leagan) ar bun, agus bíonn dífhoraoisiú mídhleathach i gceist le cuid acu sin. Leagtar na foraoisí freisin sa chaoi is gur féidir cathracha agus bailte a leathnú amach agus iad ag éirí níos mó.

Bíonn tionchar an-mhór ag an dífhoraoisiú ar ghnáthóga nádúrtha. Is i bhforaoisí a bhíonn 80% d'ainmhithe agus de phlandaí an domhain agus bíonn an-chuid acu i mbaol nuair a dhéantar dochar dá ngnáthóga. Coinnítear greim ar an uisce báistí in ithir na bhforaoisí, ach gan na crainn ann chun an ithir sin a chosaint, éiríonn sí tirim traochta. Gan crainn a bheith ann chun an ghal a chur ar ais san atmaisféar, is féidir le tailte foraoise tiontú ina bhfásaigh loma sheasca. Bíonn an dífhoraoisiú ina chúis leis an athrú aeráide freisin. Stórálann na crainn an carbón (gás ceaptha teasa), agus nuair a leagtar iad téann an carbón isteach in atmaisféar an domhain, rud a chuireann le luas agus déine na dteagmhas athraithe aeráide cosúil le tuilte agus triomach.

Ina lán tíortha sa Domhan Theas, cuireann an dífhoraoisiú brú ar chailíní óga agus ar mhná go háirithe. Ceann de na róil thraidisiúnta a bhíonn acu is ea adhmad a bhailiú i gcomhair na tine. Má leagtar na crainn atá gar dóibh, caithfidh siad siúl níos faide agus níos faide ó bhaile chun adhmad a bhailiú. Fágann sé sin gur lú an méid ama a bhíonn acu chun dul ar scoil, bheith ag obair sa bhaile nó lasmuigh den bhaile, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobail, nó fiú a scíth a ligean, agus is íogaire a bhíonn siad dá bharr.

Is é an bealach is fearr le cur i gcoinne an dífhoraoisithe ná acmhainní foraoise a bhainistiú go cúramach. Nuair a leagtar crainn, ba cheart crainn óga a chur. Ba í Wangari Maathai an chéad ghníomhaí timpeallachta mná san Afraic a bhuaigh Duais Nobel na Síochána (2004), agus ba ise a bhunaigh Gluaiseacht an Chreasa Ghlais (The Green Belt Movement) sa Chéinia in 1977. Bhí sí ag iarraidh crainn a chur chun cumhacht a thabhairt do mhná agus dá dteaghlaigh, agus chun dul i ngleic leis na fadhbanna a bhaineann leis an dífhoraoisiú, le creimeadh ithreach agus le heaspa uisce. Go dtí seo, tá níos mó ná 51 milliún crann curtha ar fud na Céinia, agus is sláintiúla agus is sábháilte an saol atá ag na daoine dá bharr sin.

Roinnt de na bealaí éifeachtacha inar féidir linn an dífhoraoisiú a laghdú anseo in Éirinn is ea níos lú páipéar a úsáid agus a éileamh go mbeidh deimhniú FSC faighte don adhmad nó do na táirgí adhmaid a cheannaímid – troscán, uirlisí ceoil, camáin, raicéid leadóige agus cláir scátála, mar shampla. Seasann FSC do Forest Stewardship Council (An Chomhairle Maoirseachta Foraoise), an comhlacht a dheimhníonn go dtagann an t-adhmad nó an táirge adhmaid ó fhoraois a bhainistítear ar bhealach atá freagrach i leith an chomhshaoil agus a leanann cleachtais a chuidíonn leis an tsochaí agus atá inmharthana don gheilleagar.

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda:

Tá sé i gceist againn, faoin mbliain 2030…

- A chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim (Sprioc 12)
- Éiceachórais talún a chosaint, a athshlánú agus a n-úsáid inbhuanaithe a chur chun cinn, foraoisí a bhainistiú ar shlí inbhuanaithe, cur i gcoinne fairsingiú fásaigh, díghrádú talún a stopadh agus a chur ar gcúl agus deireadh a chur le caillteanas bithéagsúlachta (Sprioc 15)

## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama:

**'Léamh' liteartha** -
*Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1, 1.2, 1.3, 1.9 agus 1.15*
Féachaigí ar an bpictiúr ar an gclár agus téigí ina ngrúpaí beaga chun na rudaí seo a leanas a phlé:
In bhur gcuid focal féin, déanaigí cur síos ar céard atá ag tarlú sa phictiúr.

- Céard a tharraingíonn aird sa phictiúr? Cén fáth?
- Cén bhrí, más brí ar bith, atá leis an gcaoi a n-úsáidtear dathanna sa phictiúr seo?
- Céard atá spéisiúil faoin íomhá, dar libh, má tá rud ar bith?
- Cén chaoi a mothaíonn sibh agus sibh ag féachaint ar an bpictiúr seo?
- An bhféadfadh daoine difriúla bríonna éagsúla a bhaint as an bpictiúr seo? Mínigh an freagra a thug sibh.
- Cé na meáin, más meán ar bith, a úsáideadh chun an pictiúr seo a chruthú? Cé chomh héifeachtach is atá an rogha meán?

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
**Taispeáin an pictiúr Limb le Alice Maher ar an gclár gan míniú ar bith a thabhairt.**

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
**Cuir i láthair an t-ealaíontóir (Alice Maher) agus teideal an phictiúir (*Limb*) sula míneoidh tú an ghníomhaíocht.**

**Scríobh mír chatalóige** - *Bainteach le Torthaí Foghlama 1.1, 1.2, 1.3, 1.7 agus 1.8*

Samhlaigh go bhfuil tú ag obair d’Áras Nua-Ealaíne na hÉireann. D'iarr coimeádaí thaispeántas Alice Maher ort an mhír chatalóige a scríobh faoina saothar *Limb*. Ba chóir go gcabhródh do mhír chatalóige leis na daoine a thabharfaidh cuairt ar an taispeántas ciall a bhaint as saothar Alice Maher. B'fhéidir go dtabharfadh do mhír chatalóige freagraí ar roinnt de na ceisteanna seo a leanas, nó orthu go léir:

- Céard é téama (nó céard iad téamaí) an phictiúir?
- Céard atá le rá ag an bpictiúr faoin téama sin, nó céard nach bhfuil ráite ann?
- An bhfuil teachtaireacht an phictiúir dearfach, diúltach, neodrach, nó an meascán teachtaireachtaí atá i gceist?
- Céard iad na mothúcháin a léirítear sa phictiúr?
- Céard iad na ceisteanna a fhágtar gan freagra sa phictiúr?
- Cén t-eolas agus tuiscint a dtacaítear leo sa phictiúr seo nó a gcuirtear ina gcoinne?

**Siúlóid phatrúin** - *Bainteach le Torthaí Foghlama 1.4, 1.5 agus 1.12*
Siúil thart timpeall taobh amuigh agus úsáid páipéar agus peann luaidhe, crián nó gualach chun cuimilteáin chrainn nó cuimilteáin duilleoige a dhéanamh, agus bailigh duilleoga, cipíní nó síolta. Bain úsáid as an méid atá tarraingthe nó bailithe agat chun patrún leantach a dhearadh le haghaidh tíle. Cuir do shaothar ealaíne ar taispeáint sa scoil agus cuir fotheidil leis a spreagann daoine eile chun meas a bheith acu ar an dúlra.

**Cuimhnigh ar chrann** - *Bainteach le Torthaí Foghlama 1.4, 1.5, 1.14*
Breathnaigh ar chrann atá in aice le do theach nó leis an scoil, nó crann éigin i do cheantar féin. Agus tú ar ais sa seomra ranga, tarraing na rudaí is cuimhin leat i do bhloc sceitseála Amharc-Ealaíne, agus tarraing an oiread mionsonraí agus is féidir leat. Téigh ar ais agus tóg grianghraf den chrann a roghnaigh tú, agus cuir do ghrianghraf i gcomparáid leis an sceitse a tharraing tú.

**Líníochtaí den chrann agus é ag fás** - *Bainteach le Torthaí Foghlama 1.4, 1.5 agus 1.14*
Cuir síol úll, cnó capaill nó dearcán i gcréafóg i gcartán bainne in-bhithmhillte aon lítir amháin. Thar thréimhse bliana nó níos mó, féach ar do chrann óg agus é ag fás agus tarraing i do bhloc sceitseála Amharc-Ealaíne é. Úsáid do chuid sceitsí chun amlíne chrainn a chruthú (le meán digiteach nó meán eile).

**De dhéantús an dúlra** - *Bainteach le Torthaí Foghlama 1.5, 1.11, 1.12, 1.14*
Úsáid téama an dífhoraoisithe chun snoiteán nó dealbh a dhéanamh as ábhair nádúrtha (adhmad raice, buaircíní nó slata sailí, mar shampla). Cuir an snoiteán nó an dealbh ar taispeáint le linn Sheachtain Náisiúnta na gCrann nó chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na bhForaoisí de chuid na Náisiún Aontaithe (an 21 Márta).

## Naisc Úsáideacha:

**Líníochtaí den chrann agus é ag fás**

- Le haghaidh comhairle maidir le crainn a chur, féach Comhairle Crann na hÉireann: **treecouncil.ie**

**Cuimhnigh ar chrann**

- Chun cuairt a thabhairt ar choill nó ar fhoraois i do cheantar féin, féach ar an léarscáil áineasa idirghníomhach atá ag Coillte: **coillte.ie/our-forests/recreation-map/**

**De Dhéantús an Dúlra**

- Seachtain Náisiúnta na gCrann: **treecouncil.ie**
- Lá Idirnáisiúnta na bhForaoisí de chuid na Náisiún Aontaithe: **un.org/en/events/forestsday/index.shtml**

## FADHB PHRAITICIÚIL: AN TATHRÚ AERÁIDE/TUARADH COIRÉIL

### Spreagadh

Sceir Choiréil Chróiseáilte



Trí phríomhchineál sceireacha coiréil atá ann. Bíonn sceir imeallach taobh leis an gcladach. Is éard atá in atall ná fáinne coiréil a cruthaíodh timpeall ar bholcán bháite. Bíonn cainéal uisce idir sceir bhacainneach agus an cladach. Cé gur ar an gcaoi chéanna, a bheag nó a mhór, a fhásann na cineálacha polaipe coiréil go léir, tá níos mó ná 2,500 cineál difriúil coiréil ann atá déanta as na polaipí iomadúla éagsúla! D'fhéadfadh an coiréal a bheith cosúil le géaga crainn, le hinchinn an duine, le píopaí bídeacha, nó le gaothráin, cleití, lása nó muisiriúin. D'fhéadfadh dath geal bándearg a bheith air, oráiste nó buí lonrach, nó corcra domhain. A lán de na horgánaigh sna sceireacha coiréil, cosúil le spúinsí agus ceilpeanna, bíonn a gcuid struchtúr ar nós iadsan a d'fheicfeá i mbrainse den mhatamaitic ar a dtugtar an gheoiméadracht hipearbóileach. Ba sa naoú haois déag a cuireadh tús leis an staidéar ar an ngeoiméadracht hipearbóileach, agus rinneadh athrú ó bhonn ar an matamaitic mar gheall ar an obair sin, ach ní go dtí an bhliain 1997 a thug an Dr Daina Taimina, matamaiticeoir in Ollscoil Cornell sna Stáit Aontaithe, faoi deara go bhféadfaí foirmeacha ón ngeoiméadracht hipearbóileach a dhéanamh leis an gcróise.

Is iad Margaret Wertheim, a bhíonn ag scríobh i réimse na heolaíochta, agus Christine, deirfiúr léi ón Institute for Figuring, a smaoinigh ar an Sceir Choiréil Chróiseáilte, agus iad ag iarraidh aird a dhíriú ar an tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide ar na haigéin. Tagann an ealaín, an eolaíocht, an mhatamaitic agus an cheardaíocht le chéile sa Sceir Choiréil Chróiseáilte, atá ar cheann de na tionscadail ealaíne pobail is mó ar domhan. Cuireadh an Sceir Chróiseáilte ar taispeáint in 40 cathair ar fud an domhain, agus sa bhliain 2010 tháinig sí chomh fada le Gailearaí na hEolaíochta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath faoin teideal Hyperbolic Crochet Coral Reef: A Woolly Wonder. Gach uair a chuirtear ar taispeáint í, cuireann grúpaí áitiúla sceir phobail eile léi. Tá cuid de na sceireacha a rinneadh an-chosúil leis an gcoiréal a d'fheicfeá sna haigéin, agus is saothair ealaíne shamhlaíocha úrnua iad cuid eile acu.

## Eolas Cúlra

Bíonn sceireacha coiréil mar a bheadh cathair mhór ghnóthach ann, agus bíonn níos mó speiceas créatúr agus plandaí mara iontu ná mar a gheofá in áit ar bith eile san fharraige. Cé go mbreathnaíonn sceir choiréil cosúil le struchtúr carraige ildaite ar ghrinneall na farraige, is éard a bhíonn inti i ndáiríre ná na milliúin polaipí coiréil ina gcónaí le chéile i ngrúpaí ollmhóra. Ainmhithe beaga is ea na polaipí, a bhfuil colainn bhog acu agus iad thart ar 1/4 orlach ar leithead. Bíonn struchtúir chrua sheachtracha ar chuid acu ar a dtugtar eischnámharlaigh. Nuair a fhaigheann na polaipí bás, fágann siad na heischnámharlaigh ina ndiaidh. Cuireann polaipí beo iad féin i bhfostú in eischnámharlaigh na bpolaipí marbha agus sin an chaoi a bhfásann an sceir. Tá thart ar 230,000 míle cearnach sceireacha coiréil ar domhan agus tá siad ar chuid de na héiceachórais is táirgiúla dá bhfuil ann: is gnáthóga mara casta éagsúla iad a thacaíonn leis an iomaí cineál orgánach eile, a mbaineann an-tábhacht le cuid mhór acu do shláinte agus folláine an duine.

Sa lá atá inniu ann, tá sceireacha coiréil i mbaol mar gheall ar an ró-iascaireacht, an turasóireacht, an truailliú agus an athrú aeráide. Éiceachórais an-leochaileach atá sna sceireacha coiréil agus cuirtear isteach orthu nuair a ardaíonn teocht an uisce mar gheall ar an athrú aeráide. Nuair a fhaigheann an coiréal bás, tagann dath bán air. Tugtar 'tuaradh coiréil' air sin agus déanann sé dochar do na neacha go léir a bhfuil cónaí orthu sna sceireacha. Bíonn tionchar ag cailliúint na sceireacha coiréil ar dhaoine sna tíortha gar do na farraigí atá buailte ag bás an choiréil, agus ar dhaoine ar fud an domhain freisin. Laghdaítear na stoic éisc, rud a fhágann nach mbíonn soláthar slán bia ag daoine agus nach mbíonn bealach cinnte acu le hairgead maireachtála a shaothrú. Uaireanta tugtar 'cófraí cógas' ár linne ar na sceireacha coiréil – is ó na plandaí agus na hainmhithe sna sceireacha a fhaighimid cógais chun cóir leighis a chur ar dhaoine i gcoinne scléaróis iolrach, ailse agus galar croí, agus uaireanta úsáideann máinlianna an coiréal féin chun cnámh nua a fhás, sa mháinliacht athchruthaitheach.

Gan sceireacha imeallacha, ní bhíonn aon chosaint ag an gcósta i gcoinne an chreimthe a tharlaíonn mar gheall ar na tonnta agus na stoirmeacha, agus mar sin bíonn ar na daoine a bhfuil cónaí orthu gar don fharraige a mbailte féin a fhágáil. Agus, ar ndóigh, le cailliúint na sceireacha coiréil tá acmhainn nádúrtha iontach ar leith, a mbaineann áilleacht thar na bearta léi, á ligean chun siúil. Léiríonn taighde a rinne eolaithe gurb iad gníomhaíochtaí an duine (mar shampla, táirgeadh agus tomhaltas méadaithe, dífhoraoisiú, dó breoslaí iontaise, agus mar sin de) an chúis is mó leis an athrú aeráide atá ag tarlú faoi láthair. Ach gníomhú anois i gcoinne an athraithe aeráide chun astaíochtaí carbóin a laghdú – siúl nó dul ar rothar in ionad carr a thiomáint, gan a cheannach ach na rudaí atá ag teastáil uainn, níos lú bia agus uisce a chur amú agus na polaiteoirí a ghríosú chun reachtaíocht láidir a thabhairt isteach maidir leis an athrú aeráide – beimid ag cuidiú leis na sceireacha coiréil a chaomhnú freisin.

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda:

Tá sé i gceist againn, faoin mbliain 2030…

- A chinntiú go mbeidh patrúin tomhaltais agus táirgeachta inbhuanaithe i réim (Sprioc 12)
- Beart práinneach a dhéanamh chun cur i gcoinne an athraithe aeráide agus a chuid iarmhairtí (Sprioc 13)
- Na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe (Sprioc 14)

## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama:

**HipearCÉARD?** - *Bainteach le Torthaí Foghlama 2.3, 2.5, 2.14 agus 2.15*
Féach ar an bhfíseán le Glenys Stace, *Hyperbolic Crochet: The weave of life* (nasc thíos). I do bhloc sceitseála Amharc-Ealaíne, tarraing do chuid smaointe féin le haghaidh patrún cróise hipearbóileach. Cum roinnt foirmeacha cróise hipearbóileacha. Pléigh do chuid oibre sa rang, agus tabhair cúis leis an rogha crúca cróise agus an rogha snátha a rinne tú.

**Dofheicthe** - *Bainteach le Torthaí Foghlama 2.2, 2.9, 2.12 agus 2.14*
Féach ar an gcaint a thug an dealbhóir Jason de Caires Taylor (nasc thíos) faoina chuid ealaín faoi uisce, faoi chaomhnú na mara, faoin athshlánú agus faoin tábhacht a bhaineann le gníomhú anois chun cur i gcoinne an athraithe aeráide. Agus na scoláirí ina ngrúpaí beaga, cruthaígí saothar tadhlach trí-thoiseach i mbosca cairtchláir bunoscionn a thaispeánann an gaol idir daoine agus an fharraige. Is gaol é sin ar minic nach mbíonn le feiceáil, ach bíonn na daoine agus an fharraige ag brath ar a chéile d'ainneoin sin. Seo roinnt ábhar a d'fhéadfadh a bheith úsáideach: rollaí páipéir leithris, cupáin pháipéir, soip (coinlíní óil), bioracha fiacla, Styrofoam, ubhchartáin, cumhdach bolgóideach agus réiteoirí píopa. Agus sibh ag obair libh, pléigí an úsáid atá á baint as foirm, uigeacht agus cruth. Nuair a bheidh an saothar críochnaithe agaibh, tugaigí cuireadh do scoláirí agus do mhúinteoirí ó bhur mbliainghrúpa breathnú air agus lámh a leagan air. Mínígí bhur gcuid oibre, agus déanaigí machnamh ar na tuairimí a bhí ag daoine eile fúithi.

**Taifead ar na huiscebhealaí** - *Bainteach le Torthaí Foghlama 2.4 agus 2.5*
Déan scrúdú ar shruthán, abhainn, loch nó gnáthóg cois farraige in aice leat. I do bhloc sceitseála Amharc-Ealaíne tarraing an rud a thugann tú faoi deara faoi na hidirghníomhaíochtaí idir daoine, plandaí, ainmhithe nó feithidí agus an t-uisce.

**Gan uisce** - *Bainteach le Torthaí Foghlama 2.5 agus 2.14*
Dear agus cruthaigh taipéis, pictiúr nó cúisín, as paistí, appliqué, feiltbhrat, fíodóireacht, bróidnéireacht agus/nó páipéar, bunaithe ar na focail seo a scríobh an file W.H. Auden: 'Thousands have lived without love, but none without water'. Taispeáin do shaothar ag lá oscailte na scoile, ag na cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí agus/nó ar shuíomh gréasáin na scoile.

**A bhfuil i ndán dúinn a thuar** - *Nasctha le Torthaí Foghlama 2.3, 2.5, 2.6, 2.8, 2.10 agus 2.14*
I do bhloc sceitseála Amharc-Ealaíne, breac síos do chuid smaointe le haghaidh lógó a bhfuil baint aige le Sprioc Dhomhanda 14 – An Saol Faoin Uisce. Cuir an lógó sin ar shean-t-léine le peann tuartha a dhéanfaidh tú féin (gránphlúr, uisce, tuarthóir) – buail le chéile na comhábhair agus déan iad a théamh i sean-sáspan go mbeidh leacht tiubh agat, ansin doirt isteach i mbuidéal infháiscthe é. Caith an t-léine ar scoil ar lá nach gá éide na scoile a chaitheamh, agus tapaigh gach deis chun labhairt faoi céard dó a sheasann an lógó agus conas a rinne tú an t-léine.

*



**Gníomhaíocht bhreise: Anois céard?**
Tóg grianghraf de cheann de na píosaí ceardaíochta atá déanta agat. Seol an grianghraf chuig do chomhairle contae áitiúil nó chuig do Theachta Dála le litir nó ríomhphost ina luafaidh tú céard a spreag do shaothar, agus ina ngríosóidh tú an rialtas chun bheith réamhghníomhach agus uaillmhianach sa troid in aghaidh an athraithe aeráide.

*Gan Uisce, Gan Bheocht, Gan Ghorm, Gan Ghlas

# Naisc Úsáideacha:

**Ginearálta**

- Íomhánna agus físeáin de thaispeántas na bliana 2010 *Hyperbolic Crochet Coral Reef: A Woolly Wonder* a chuir *The Institute of Figuring* ar bun ag Gailearaí na hEolaíochta i mBaile Átha Cliath: **dublin.sciencegallery.com/hyperboliccrochetcoralreef/editbookpagehyperboliccrochetcoralreef** and **crochetcoralreef.org/exhibitions/science_gallery.php**

**HipearCÉARD?**

- Glenys Stace, *Hyperbolic Crochet: The weave of life*, 4.46 nóiméad: **youtube.com/watch?v=g-kh4V6f8VE**

**Dofheicthe**


- Jason de Caires Taylor (2015), *An underwater art museum – teeming with life*, Ted Talk, 11.09 nóiméad: **ted.com/talks/jason_decaires_taylor_an_underwater_art_museum_teeming_with_life#t-657554**

**A bhfuil i ndán dúinn a thuar**

- Conas peann tuartha dhéanamh – físeán, 1.55 nóiméad: **youtube.com/watch?v=LNFa7qDTVZc**
- Conas t-léine a mhaisiú le peann tuartha – físeán, 1.37 nóiméad: **youtube.com/watch?v=DHIA3WIGBIc**

**Anois céard?**

- Sonraí teagmhála na dTeachtaí Dála: **oireachtas.ie/parliament/contact/**



## FADHB PHRAITICIÚIL: CEARTA AN DUINE/IMIRCIGH GAN CHÁIPÉISÍ

### Spreagadh

Maya Angelou, *And Still I Rise* (dán)

*You may write me down in history*
*With your bitter, twisted lies,*
*You may trod me in the very dirt*
*But still, like dust, I'll rise.*

*Does my sassiness upset you?*
*Why are you beset with gloom?*
*'Cause I walk like I've got oil wells*
*Pumping in my living room.*

*Just like the moons and like suns,*
*With the certainty of tides,*
*Just like hopes springing high,*
*Still I'll rise*

*Did you want to see me broken?*
*Bowed head and lowered eyes?*
*Shoulders falling down like teardrops,*
*Weakened by my soulful cries?*

*Does my haughtiness offend you?*
*Don't you take it awful hard*
*'Cause I laugh like I've got gold mines*
*Diggin' in my own backyard.*

*You may shoot me with your words,*
*You may cut me with your eyes,*
*You may kill me with your hatefulness,*
*But still, like air, I'll rise.*

*Does my sexiness upset you?*
*Does it come as a surprise*
*That I dance like I've got diamonds*
*At the meeting of my thighs?*

*Out of the huts of history's shame*
*I rise*
*Up from a past that's rooted in pain*
*I rise*
*I'm a black ocean, leaping and wide,*
*Welling and swelling I bear in the tide.*

*Leaving behind nights of terror and fear*
*I rise*
*Into a daybreak that's wondrously clear*
*I rise*
*Bringing the gifts that my ancestors gave,*
*I am the dream and the hope of the slave.*
*I rise*
*I rise*
*I rise.*



Ba ghníomhaí ar son cearta sibhialta í Maya Angelou (1928-2014), scríbhneoir a bhfuil cáil uirthi as ucht na gcuimhní cinn léi, *I Know Why the Caged Bird Sings*, a foilsíodh sa bhliain 1969. Ba é an leabhar sin an chéad saothar neamhfhicsin riamh le bean Mheiriceánach Afracach a raibh sárdíol air.

Is saothar é *And Still I Rise* a bhfuil smaointe polaitiúla láidre ann ach atá an-phearsanta freisin. Is aitheasc dochloíte é thar ceann Meiriceánaigh Afracacha, thar ceann na mban agus thar ceann duine ar bith eile a chuirtear faoi chois nó nach n-éistear leis nó léi.

Tá meon an dáin le feiceáil go soiléir sa ráiteas tosaigh. Fiú má thugtar léargas míchothrom bréagach sa stair ar an údar féin agus ar dhaoine eile a cuireadh faoi chois, gheobhaidh siad bealach as sin.

Baineann Angelou leas as an scríbhneoireacht chun saoirse a thabhairt do na daoine a gcaitear go héagórach leo, agus chun bealach nua smaointeoireachta a léiriú do na daoine a bhrú faoi chois iad. Cuireann sí ceisteanna ar an dream a chuireann daoine faoi chois agus tugann sí freagraí greannmhara, mórtasacha, lán dínite ar an éagóir. Baineann sí úsáid as samhlacha ('like dust, I'll rise'), meafair ('I'm a black ocean, leaping and wide'), pearsantú ('You may shoot me with your words, You may cut me with your eyes'), íomhánna ('Oil wells pumping in my living room'), feiniméin nádúrtha ('moons', 'suns' agus 'tides', a éiríonn is a ardaíonn i ngnáthchúrsa an domhain), agus uaim ('I rise, I rise, I rise') agus is mór an chumhacht a bhaineann leis na teicnicí sin. Ar fud an dáin, taispeánann sí an cumas ollmhór atá ag daoine cur i gcoinne na héagóra, fiú má tá an chuma ar an scéal nach bhfuil cumhacht ar bith acu.


Nuair a fuair Maya Angelou bás in 2014, d'eisigh an tUachtarán Barack Obama ráiteas inar chuir sé síos uirthi mar "a brilliant writer, a fierce friend, and a truly phenomenal woman." Scríobh sé faoi Angelou, "she had the ability to remind us that we all have something to offer."

## Eolas Cúlra

In 2016, d'fhoilsigh Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn torthaí suirbhé ar 1,008 duine atá ina gcónaí gan cháipéisí in Éirinn. Níl cead ná cáipéisí ag na daoine sin a ligean dóibh fanacht in Éirinn. Tá a bhformhór anseo le blianta fada. Tá siad fite fuaite inár bpobail, tá siad ag cur go mór le sochaí na tíre, agus is í Éire a dtír bhaile anois. Measann Ionad Chearta na nImirceach go bhfuil suas le 26,000 duine gan cháipéisí ina gcónaí in Éirinn, a bhfuil idir 2,000-5,000 díobh faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tá an eagraíocht sin ag iarraidh ar Rialtas na hÉireann córas a thabhairt isteach chun ligean do na daoine sin a gcuid cáipéisí a fháil, ar nós an chórais atá á éileamh sna Stáit Aontaithe d'Éireannaigh gan cháipéisí a bhfuil cónaí orthu ansin.

Mar gheall go bhfuil siad gan cháipéisí, bíonn eagla ar dhaoine go ndéanfar iad a dhíbirt as an tír, is beag fáil a bhíonn acu ar sheirbhísí riachtanacha agus is mó an baol atá ann go ndéanfar iad a eisiamh nó go ndéanfar dúshaothrú orthu san ionad oibre. Bíonn go leor acu scartha óna dteaghlach féin agus ó dhaoine muinteartha leo ina dtír dhúchais, rud is cúis le briseadh croí agus strus. Ní fios céard atá i ndán do pháistí na ndaoine atá gan cháipéisí. Measann siad gurb í Éire a dtír féin, ach níl aon cheart acu cónaí sa tír seo, ná ní saoránaigh de chuid na tíre seo iad. Tar éis dóibh an mheánscoil a fhágáil, bíonn deacracht acu poist a fháil agus deiseanna breisoideachas a thapú.

Le tacaíocht ó Ionad Chearta na nImirceach, bhunaigh grúpa páistí a bhfuil a dtuismitheoirí gan cháipéisí gluaiseacht ar a dtugann siad Young, Paperless and Powerful. Baineann siad úsáid as an bhfocal labhartha, as ealaín agus as scannáin chun a scéal féin a insint faoi bheith ag fás aníos gan cháipéisí in Éirinn.




Úsáideadh an ghrafaic faisnéise thuas le caoinchead ó MRCI: mrci.ie | facebook.com/Migrant.Rights.Centre.Ireland

## Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda:

Tá sé i gceist againn, faoin mbliain 2030…

- An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha (Sprioc 10)
- Sochaithe inbhuanaithe, síochánta a chur chun cinn ina gcuirtear gach duine san áireamh, rochtain ar cheartas a bheith ag các agus institiúidí atá éifeachtach, cuntasach, agus cuimsitheach a chothú ar gach leibhéal (Sprioc 16)
- Neartú a dhéanamh ar na modhanna feidhmithe agus athbheochan a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe (Sprioc 17)

## Treoir dhearaidh

Úsáid *And Still I Rise* mar spreagadh chun Uirlis Feasachta a dhearadh le taispeáint ar líne/sa scoil agus/nó sa phobal áitiúil.

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
**Is féidir an treoir dhearaidh seo a úsáid agus na céimeanna tacaíochta thíos a leanúint: (1) mar chuid den teagasc laethúil sa chéad bhliain, sa dara bliain nó sa tríú bliain; nó, ag brath ar na cásanna a chuirtear i láthair i liostaí an CNCM, (2) mar fhreagra ó ghrúpa beag ar MRB1 sa dara bliain.**

**Ba chóir duit:**

- íomhánna agus téacs a úsáid
- ceann amháin nó níos mó de na téamaí/mothúcháin a léirítear in *And Still I Rise* a chur in iúl
- an uirlis a dhearadh agus aird agat ar an leagan amach agus ar chothromaíocht
- fianaise a thabhairt go ndearna tú taighde
- cuimhneamh ar lucht féachana ar líne, ar scoil agus/nó sa phobal áitiúil agus tú á hullmhú

**D'fhéadfá:**

- meáin thraidisiúnta agus/nó meáin dhigiteacha a úsáid
- tagairt a dhéanamh do dhuine nó do ghrúpa a dtéann na téamaí/mothúcháin in *And Still I Rise* i gcion orthu
- moltaí a dhéanamh faoi bhearta dearfacha nó athruithe iompraíochta a bhaineann leis an smaoineamh nó na smaointe atá roghnaithe agat sa chaoi is gur féidir leis an lucht féachana iad a mheas

**D'fhéadfá:**

Eolas agus tuiscint a chothú trí cheann amháin díobh seo a leanas a dhearadh:

- Bratach
- Clár Fógraíochta
- Bileog Eolais
- Múrphictiúr
- Póstaer
- Stampa

## Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama:

**Céim 1: Mionscrúdú ranga**

Léigh *And Still I Rise* le Maya Angelou. Téigh trí véarsa nó dhó den dán le foclóir, agus cuardaigh sainmhíniú ar aon fhocal nó aon fhrása nach bhfuil soiléir. Tabhair aiseolas don chuid eile den rang. Léigh *And Still I Rise* arís, agus bíodh plé ranga agaibh faoin dán:

- Céard a bhí Angelou ag iarraidh a rá?
- Cé leis a raibh sí ag caint?
- Cé faoi a raibh sí ag caint?
- Céard a cheapann tú a mhothaigh sí agus an dán á scríobh aici? Cén chaoi a bhfuil a fhios agat céard a mhothaigh sí – céard iad na focail a úsáideann sí chun na mothúcháin sin a chur in iúl?
- Cén líne is fearr leat nó is spéisiúla? Cén fáth?
- Cén chaoi a mothaíonn tú agus an dán á léamh agat? Cén fáth?
- An féidir leat smaoineamh ar aon duine aonair nó aon ghrúpa in Éirinn nó in áiteanna eile ar caitheadh go mí-chothrom nó go dona leo? An féidir leis na daoine sin a gcás féin a fheabhsú? Cén chaoi?

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
**Taispeáin Maya Angelou ag rá And Still I Rise (nasc thíos) agus fiafraigh de na scoláirí an athraíonn a gcuid mothúchán faoin dán tar éis dóibh breathnú ar an bhfile á rá.**

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
**Taispeáin *Young, Paperless and Powerful* (nasc thíos), agus iarr ar an rang plé a dhéanamh faoi na naisc atá idir *And Still I Rise* agus na daoine óga san fhíseán.**

**Céim 2: Meabhairmhapáil** - *Bainteach le Toradh Foghlama 3.5*

Tarraing meabhairmhapaí chun teacht ar smaointe a bhaineann leis na téamaí agus na mothúcháin a léirítear in And Still I Rise (mar shampla, dúshlán, dóchas, dlúthpháirtíocht, mórtas, gríosú, leatrom, éagothroime, éagóir, gortú, brón, srl).

**Céim 3: Ábhar Spreagtha** - *Bainteach le Torthaí Foghlama 3.2, 3.3 agus 3.9*

- Roghnaigh smaoineamh nó dhó ó na meabhairmhapaí. Bailigh íomhánna, téacs agus grianghraif de rudaí a bhfuil baint ach leis na meabhairmhapaí agus cuir i do bhloc sceitseála Amharc-Ealaíne iad. Mar shampla: saothair ealaíne, grianghraif, sleachta as óráidí, scéalta nó liricí amhráin, ceannlínte sna meáin, seatanna scáileáin, gearrthóga físeáin nó déantáin teaghlaigh ar nós pasanna, litreacha nó dialann.
- Déan taighde ar uirlisí feasachta, agus faigh bealaí spreagúla chun feasacht agus tuiscint a mhúscailt agus a léiriú.
- Socraigh cén cineál uirlise feasachta is mó a bhfuil spéis agatsa nó ag do ghrúpa inti.

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
**Iarr ar na scoláirí féachaint ar fheachtais ar líne atá ag eagraíochtaí neamhrialtasacha nó eagraíochtaí carthanacha, íomhánna ábhartha a chuardach ar Google (mar shampla 'awareness raising' agus 'poster'/'stamp' srl.) agus a gcuid fóin phóca a úsáid chun smaointe a bhailiú ó chláir fhógraí, nuachtáin, leabhair nó irisí, mar shampla.**

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
Chun comhroinnt a éascú, iarr ar na daltaí a llíníochtaí agus a gcuid smaointe a uaslodáil ar chlár fógraí fíorúil, ag baint úsáide as aip ar nós NoteApp, Padlet nó Popplet.

**NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:**
Tabhair cuireadh do dhaltaí a dtreoir dhearaidh a sheiceáil le déanamh cinnte go bhfuil gach rud déanta acu chun aghaidh a thabhairt ar an gcritéir ratha.

**Céim 4: Comhroinn** - *Bainteach le Toradh Foghlama 3.4*
Tarraing sraith líníochtaí i do bhloc sceitseála Amharc-Ealaíne a léiríonn do chuid smaointe faoi *And Still I Rise* agus atá bunaithe ar do chuid taighde. Bain triail as dathanna, línte agus cruthanna éagsúla agus as uigeacht agus leagan amach chun féachaint conas is fearr a d'fhéadfaí iad a úsáid chun do chuid smaointe a léiriú.
Mar shampla, céard iad na dathanna a chuireann mórtas nó gortú in iúl? Cén chlófhoireann nó stíl chlófhoirne is fearr a úsáid chun óráid a chur i láthair?

**Céim 5: Comhroinn** - *Bainteach le Toradh Foghlama 3.10*
Agus tú ar ais sa seomra ranga, taispeáin na líníochtaí atá i do bhloc sceitseála Amharc-Ealaíne do na scoláirí eile. Déanaigí plé fúthu agus faoi na huirlisí feasachta samplacha atá déanta agaibh, agus abraigí cé na smaointe, na híomhánna agus an cur i láthair atá ag seasamh amach, dar libh.

**Céim 6: Pleanáil** - *Bainteach le Torthaí Foghlama 3.5, 3.11 agus 3.12*
Tosaigh ag pleanáil cén sórt uirlise feasachta a bheidh agat ar deireadh. Más ag obair asat féin atá tú, pleanáil cúpla leagan amach agus gnéithe ealaíne éagsúla á n-úsáid agat. Más ag obair le grúpa atá tú, beidh oraibh an phleanáil a dhéanamh le chéile, sa chaoi is go mbeidh bhur gcuid smaointe ag teacht le chéile.

**Céim 7: Cinneadh a dhéanamh** - *Bainteach le Torthaí Foghlama 3.2, 3.11 agus 3.15*
Roghnaigh na híomhánna agus an téacs atá le húsáid san uirlis feasachta.
Ullmhaigh cur i láthair (aonair/grúpa) a thógfaidh thart ar 2 nóiméad faoin gcoincheap dearaidh don uirlis feasachta. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist sa chur i láthair:

1. cur síos ar théama lárnach na huirlise
2. míniú ar an tuiscint atá agat nó agaibh ar *And Still I Rise*
3. an chaoi a mbaineann na híomhánna agus an téacs a úsáideadh san uirlis leis an tuiscint sin
4. an abairt seo a leanas a chríochnú – Agus an uirlis feasachta seo á dearadh agam/againn, d'fhoghlaim mé/muid…'.

Iarr aiseolas ar na scoláirí eile sa rang agus déan do mhachnamh ar a gcuid tuairimí sula n-ullmhóidh tú an leagan deiridh den uirlis feasachta.

**Gníomhaíocht bhreise: Bí feasach, bí aireach**
Críochnaigh an uirlis feasachta agus cuir ar taispeáint in áit phoiblí í, b'fhéidir ar shuímh ghréasáin oiriúnacha ar líne, ar chlár fógraí fíorúil na scoile, sa leabharlann i do cheantar féin agus/nó san ionad pobail.

## Naisc Úsáideacha:

**Ginearálta**
- Comhlamh (2013) *Be the Change*: Foireann uirlisí chun beart a dhéanamh i gcoinne na bochtaineachta agus na héagóra: **comhlamh.org/wp-content/uploads/2013/10/bethechangeWEB.pdf**
- *The People's Creative Toolkit*: **roguecitizen.com/uploads/1/5/2/9/15293892/peoplestoolkit_english.pdf**

**Céim 1: Mionscrúdú ranga**
- Maya Angelou ag aithris *And Still I Rise*, 2.15 nóiméad: **youtube.com/watch?v=qviM_GnJbOME**
- Físeán de chuid Ionad Chearta na nImirceach, *Young, Paperless and Powerful*, 4.35 nóiméad: **vimeo.com/132984011**

# Bí Gníomhach/Glac Páirt




Riamh anall bhíodh ceisteanna eacnamaíocha, comhshaoil, polaitiúla agus sóisialta ag daoine a mbíodh tionchar acu ar an saothar a rinne amharc-ealaíontóirí na linne. Bhí tionchar mór ag idirnáisiúnú na trádála le linn Ré Órga na hÍsiltíre, agus ag an domhandú a rinneadh ar earraí, táirgí agus smaointe ag an am sin, ar shaol an teaghlaigh sa 17ú haois. Sin é an saol atá le feiceáil sna pictiúir a phéinteáil Vermeer. Agus é faoi gheasa ag tírdhreach álainn na Fraince, rinne Paul Cézanne iarracht daoine agus foirgnimh a thaispeáint amhail is gur chuid den tírdhreach nádúrtha iad. Rinne Picasso ráiteas cumhachtach faoi chogadh, faoi choinbhleacht agus faoi chearta an duine sa phictiúr cáiliúil a phéinteáil sé sa bhliain 1937, *Guernica*.

Le deireanas, bhí dream ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí ag féachaint ar an gcaoi ar féidir leis an ealaín a bheith ina hardán agus ina meán le haghaidh agóid a dhéanamh agus le haghaidh an ghníomhaíochais. Is rud nua sa saol é an gníomhaíochas ealaíne, nó ealaín na hagóide. Is mian le leithéidí Bansky (ealaíontóir graifítí) nó Carrie Reichardt (ceard-ghníomhaí), go rachaidh a gcuid saothar i bhfeidhm ar na dálaí bunúsacha eacnamaíocha, comhshaoil, polaitiúla nó sóisialta a bhfuil baint acu leis na dúshláin mhóra agus an éagóir mhór atá romhainn i saol an lae inniu. Déanann gníomhaithe ealaíne iarracht na dálaí maireachtála a fheabhsú i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch, aird a dhíriú ar ábhair imní a bhaineann leis an éiceolaíocht agus ar an gcruachás ina bhfuil dídeanaithe agus iad ag teitheadh ó choinbhleacht agus ón athrú aeráide, agus mar sin de. Na healaíontóirí, na ceardaithe agus na dearthóirí a bhíonn i mbun gníomhaíochais, bíonn siad ag iarraidh a bheith úsáideach agus an domhan a athrú chun feabhais – ach, ag an am céanna, bíonn siad fós ag iarraidh a bheith ina n-ealaíontóirí.



Dílleachta, dalta, cúramóir, deirfiúr, dídeanaí – Layal, cailín aon bhliain déag d'aois i dtuaisceart na Siria © Mark Corrigan (marccorrigan.com). *Concern Worldwide (2017) Shattered Lives: Protecting civilians in war-torn Syria*, leathanach 6

**Spreag na scoláirí chun a bheith GNÍOMHACH AGUS PÁIRT A GHLACADH mar seo a leanas:**

- Acmhainní a úsáid chun tacú le múineadh agus foghlaim na dtéamaí a bhaineann leis an oideachas saoránachta domhanda (atá ar fáil ó shuímh ghréasáin neamhrialtasacha áirithe nó ó ardáin ar nós www.developmenteducation.ie)
- Iad a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar ghníomhaithe ealaíne comhaimseartha agus léirmheas a thabhairt ar a gcuid saothar (féach, mar shampla an liosta *Powerful Art Activism* ina bhfuil 9 Ted Talk, ag: ted.com/playlists/476/powerful_art_activismor nó *Sustainability by Design*, liosta ina bhfuil 12 Ted Talk, ag ted.com/playlists/28/sustainability_by_design)
- Tacú leo chun cur isteach ar chomórtais agus ar chláir gradam atá ar oscailt do scoláirí iar-bhunscoile a bhíonn ag gabháil don OSD trí Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí, ar nós:
    - **Clár Ghradam an Phas Dhomhanda de chuid Scoileanna WorldWise**: worldwiseschools.ie/wwgs-global-passport/
    - **An comórtas 'Story of your Stuff' atá á reáchtáil ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil**: comórtas físiúil ina n-iarrtar ar scoláirí ligean lena gcruthaitheacht trí thaighde a dhéanamh ar an mbunús atá le scéal éigin agus an scéal sin a insint ar bhealach físiúil trí mheán rud éigin, ar nós buidéal uisce plaisteach nó fón cliste: thestoryofyourstuff.ie/
    - **An comórtas 'Junk Kouture' atá á reáchtáil ag Banc na hÉireann**: comórtas faisin ina n-iarrtar ar scoláirí dearadh a dhéanamh i gcomhair ball éadach couture a bheidh déanta as bruscar nó as ábhar éigin eile ar úsáideadh cheana é agus nach samhlófá de ghnáth le héadaí: boijunkkouture.com/
    - ***Show Racism the Red Card*:** comórtas amhairc, closamhairc nó scríofa: theredcard.ie/competition.php

D'fhéadfadh na scoláirí saothar ealaíne a cheapadh trí chur chuige OSD freisin agus iad ag cur isteach ar chomórtais ealaíne eile, mar shampla:

- **Comórtas Ealaíne Texaco do Pháistí**: texacochildrensart.com/
- **Comórtas Ealaíne na gComhar Creidmheasa**: creditunionart.ie/

Tá WorldWise Global Schools buíoch as an gcúnamh agus an tacaíocht a fuair sé ó na daoine agus na heagraíochtaí seo a leanas agus an acmhainn seo á cur le chéile aige:

- Concern Worldwide
- Marc Corrigan
- Jessica Hilliard, Gailearaí na hEolaíochta, Baile Átha Cliath
- An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
- Alice Maher
- Aoife Murphy, Migrant Rights Centre IrelandAoife Murphy, Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- Margaret and Christine Wertheim, *the Institute for Figuring*

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade
WorldWise Global Schools

## Scoileanna Domhanda WorldWise

Is é Scoileanna Domhanda WorldWise an clár náisiúnta maidir leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) ar an leibhéal iar-bhunscoile. Is ann a gheofar maoiniú, oiliúint, acmhainní agus treoir d'iar-bhunscoileanna chun dul i mbun an oideachais saoránachta domhanda.

Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear) is ea é. Tá sé á chur i bhfeidhm ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

# Clár Gradam an Phas Dhomhanda

## CLÁRAIGH ANOIS!

**Is comhartha cáilíochta i réimse an Oideachais Saoránachta Domhanda é Gradam an Phas Dhomhanda, a chuireann creat ar fáil do scoileanna ionas gur féidir leo an OSD a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim.**

Is deimhniú é an Pas Domhanda i leith an Oideachais Saoránachta Domhanda, agus is féidir le gach iar-bhunscoil i bPoblacht na hÉireann cur isteach air. Déanann na scoileanna measúnú orthu féin agus déantar iniúchadh seachtrach orthu.

Is deimhniú é an Pas Domhanda i leith an Oideachais Saoránachta Domhanda, agus is féidir le gach iar-bhunscoil i bPoblacht na hÉireann cur isteach air. Déanann na scoileanna measúnú orthu féin agus déantar iniúchadh seachtrach orthu:

1. **Pas Saoránaigh –** lena n-aghaidh siúd atá ag tosú ar an rannpháirtíocht leis an oideachas saoránachta domhanda
2. **Pas Taidhleoireachta** - i gcomhair rannpháirtíocht sheanbhunaithe leis an oideachas saoránachta domhanda
3. **Pas Speisialta** - i gcomhair rannpháirtíocht den scoth leis an oideachas saoránachta domhanda

### CÉARD ATÁ I GCEIST?

Rátáil leibhéal gníomhaíochta na scoile san oideachas saoránachta domhanda i 7 gcatagóir ('stampaí' pas). Beidh an cineál pas a bhronnfar ag brath ar an scór iomlán a bhainfear amach i ngach ceann de na 7 stampa.

### CÉN TAIRBHE ATÁ LE BAINT AS?

- Comhartha cáilíochta don scoil san oideachas saoránachta domhanda, a bhfuil iniúchadh seachtrach déanta air
- Bailíochtú ar an obair atá ar bun ag an scoil i dtaobh oideachas saoránachta domhanda, agus aitheantas don obair sin
- Spás do na scoláirí chun ceisteanna áitiúla agus ceisteanna domhanda a scrúdú agus beart a ghlacadh ina leith
- An deis chun cur le hiomrá na scoile tríd an oideachas saoránachta domhanda a chur i láthair agus a cheiliúradh

### CÉARD IAD NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ Á DTAIRISCINT?


Tá tacaíocht ar fáil ó Scoileanna Domhanda WorldWise chun cuidiú le scoileanna an Pas Domhanda a bhaint amach:

- Ceardlanna agus cuairteanna tacaíochta
- Tacaíocht ar an teileafón agus ar an ríomhphost
- Acmhainní, treoracha agus samplaí praiticiúla atá curtha in oiriúint do gach ceann de na stampaí Pas

### CONAS IS FÉIDIR LIOM TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL AGUS CUR ISTEACH AR PHAS?

I gcomhair tuilleadh eolais nó chun bheith páirteach sa scéim, cláraigh linn ar líne nó déan teagmháil linn!

**Suíomh Gréasáin**: www.worldwiseschools.ie
**Ríomhphost**: global.passport@worldwiseschools.ie
**Teileafón**: 01 5547447



Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil faoi Scoileanna Domhanda WorldWise agus faoi na deiseanna atá ar fáil faoin gclár do scoláirí, múinteoirí agus scoileanna chun a bheith ag gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda – go háirithe conas iarratas a dhéanamh ar an ngradam scoile atá againn, an Pas Domhanda – téigh go dtí an suíomh gréasáin **www.worldwiseschools.ie**

Le haghaidh acmhainní agus smaointe breise a bhaineann leis an oideachas saoránachta domhanda lena n-úsáid i ranganna An Amharc-Ealaín, tabhair cuairt ar **developmenteducation.ie** – bunachar sonraí téamacha inchuardaithe ina bhfuil ábhar ranga don Oideachas Saoránachta Domhanda ó bhlianta na luath-óige ar aghaidh. Tá acmhainní ann atá dírithe ar churaclaim éagsúla agus ar aoisghrúpaí éagsúla.

**Déan teagmháil le foireann Scoileanna Domhanda WorldWise**

Tá foireann Scoileanna Domhanda WorldWise ar fáil chun comhairle a chur oraibh agus treoir, oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil faoin Oideachas Saoránachta Domhanda in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

**Scoileanna Domhanda WorldWise**, Teach Dhroichead an Rí, 17-22 Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8

**www.worldwiseschools.ie** | **Ríomhphost.** info@worldwiseschools.ie | **Teil.** 01 685 2078

*Tá Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.*